Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

**Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile**

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sí sin an ráiteas ar rialachas agus tuairisc chomhaltaí an Bhoird, agus an rialú inmheánach. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm i dtaca le tuairisciú a dhéanamh maidir le faisnéis den sórt sin, agus maidir le hábhair áirithe eile a ndéanaim iad a thuairisciú trí eisceacht san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Séamus McCarthy**  
**An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

**30 Meitheamh 2023**



## Coimisiún na Scrúduithe Stáit Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Aguisín leis an tuarascáil Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

. Leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird sa ráiteas ar rialachas agus i ráiteas chomhaltaí an Bhoird. Tá sé de fhreagracht ar na comhaltaí Boird

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi airteagal 28 den Ordú um (Bunú) Choimisiún na Scrúduithe Stáit, 2003
  - a áirithiú go dtugann na ráitis airgeadais léiriú cóir agus cothrom i gcomhréir le FRS102
    - rialtacht idirbheart a áirithiú
- a mheas an bhfuil cuntasafocht ar bhonn gnóthas leantach oiriúnach, agus
- aon rialú inmheánach a cheapann siad a bheith riachtanach lena áirithiú go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó de bharr earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheangal orm, faoi airteagal 30 den Ordú um (Bunú) Choimisiún na Scrúduithe Stáit, 2003, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu trí chalaos nó trí earráid. Dearbhú ar ardleibhéal is ea dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíonn sé go ndéanfar míshonrú ábhartha a bhrath i gcónaí, nuair is ann dó, in iniúchadh a - dhéantar a reáchtáil i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh. Féadfaidh míshonruithe tarlú de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go meastar le réasún go bhféadfaidís, astu féin nó go comhiomlán, tionchar a imirt ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh tugaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí i dtaca le míshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó de bharr earráide, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin a dhearadh agus a fheidhmiú; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá baol níos mó ann nach ndéanfar míshonrú ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná mar atá ag baint le gan earráid a bhrath, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon turas, bréaglériú, nó sárú ar rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach do na himthosca, ach ní chun tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasafochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasafochta agus an nochtadh gaolmhar.

• Déanaim cinneadh maidir leis an oiriúnacht a bhaineann le cuntasafocht ar bhonn gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaighim, an ann do neamhchinnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Choimisiún na Scrúduithe Stáit leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gur ann do neamhchinnteacht ábhartha, tá sé de cheangal orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil nochtadh den sórt sin leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid cinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh ar imeachtaí nó ar chúinsí sa todhcháil go stadfadh Coimisiún na Scrúduithe Stáit de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

• Déanaim measúnú ar chur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais, chomh maith lena struchtúr agus leis an ábhar atá iontu, lena n-áirítear an nochtadh, agus pé acu an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léiriú ar na hidirbhearta agus ar na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a dhéanann iad a chur i láthair go cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram rialachais orthu, maidir leis an raon feidhme agus leis an uainiú atá beartaithe don iniúchadh agus maidir le cinntí suntasacha an iniúchta, chomh maith le hábhair eile lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním i m'iniúchadh.

Tuairiscím de réir eisceachta sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuairéas an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a bhí á n-éileamh agam le haghaidh an iniúchta, nó
- nach raibh na taifid chuntasafochta leordhóthaineach chun iniúchadh réidh agus cuí a dhéanamh orthu, nó
- nach bhfuil na taifid chuntasafochta ag réiteach leis na ráitis airgeadais.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais faisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim cinneadh dearbhaithe d'aon chineál ina leith siúd.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheangal orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, an fhaisnéis eile a chuirtear os mo chomhair a léamh, agus arna dhéanamh sin dom, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó i gcás gur cosúil go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil mí shonrú ábhartha ann i dtaca leis an bhfaisnéis eile seo, tá sé de cheangal orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú a dhéanamh ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena gcuid bainistíochta agus lena bhfeidhmiú.

Tuairiscím ar aon nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí a sheoladh.

Lorgaim fianaise maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha inar tharla sé nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch dá raibh sé ceaptha nó i gcás nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe  
An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €	2021 €
Ioncam			
Deontais Oireachtais	2	92,276,049	71,798,127
Táillí scrúduithe agus táillí eile	3	249,204	144,546
<b>Ioncam iomlán</b>		<b>92,525,253</b>	<b>71,942,673</b>
Caiteachas			
Costais foirne	4	79,774,206	59,776,076
Dímheas	10	2,471,602	1,863,073
Costais riaracháin	6	11,321,437	8,885,409
<b>Caiteachas iomlán</b>		<b>93,567,245</b>	<b>70,524,558</b>
<b>Glanbharrachas (easnamh) / OIBRIÚCHÁIN</b>	<b>9</b>	<b>(1,041,992)</b>	<b>1,418,115</b>
Aistriú chuig cúlchiste caipitil	14	(609,245)	(1,335,279)
<b>(EASNAMH) BARRACHAS don bhliain airgeadais agus ioncam cuimsitheach iomlán</b>		<b>(1,651,237)</b>	<b>82,836</b>
<b>Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2022</b>		<b>(566,664)</b>	<b>(649,50)</b>
<b>Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 31 Nollaig 2022</b>		<b>(2,217,901)</b>	<b>(566,664)</b>

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas go léir don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ar dháta an tuairiscithe.

Tá na gnóthachain agus na cailteanais go léir a aithnítear sa bhliain san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Tá na ráitis airgeadais seo sínithe thar ceann an Choimisiúin ag:

.....  
Andrea Feeney  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 30 Meitheamh 2023

.....  
An tUasal Patrick Burke  
Cathaoirleach  
Dáta: 30 Meitheamh 2023

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Ráiteas ar an Staid Airgeadais  
Amhail ar an 31 Nollaig 2022

	Nóta:	2022		2021
		€	€	€
<b>Sócmhainní seasta</b>				
Maoin, fearas agus trealamh	10	<u>6,657,617</u>		<u>6,048,372</u>
			<b>6,657,617</b>	6,048,372
<b>Sócmhainní reatha</b>				
Fardal	11	1,020,489		1,277,944
Infháltais	12	1,385,274		734,443
Airgead agus coibhéisí airgid		<u>52,912</u>		<u>1,705,033</u>
		<b>2,458,675</b>		3,717,420
<b>Suimeanna iníoctha: méideanna dlí</b>				
laistigh de bhliain amháin	13	<u>(4,676,576)</u>		<u>(4,284,084)</u>
<b>Glandliteanais Reatha</b>			<u>(2,217,901)</u>	<u>(566,664)</u>
<b>Glansócmhainní iomlána</b>			<b><u>4,439,716</u></b>	<b><u>5,481,708</u></b>
<b>Á mhaoiniú ag</b>				
An cuntas caipitil	14	6,657,617		6,048,372
Easnamh carnach		(2,217,901)		(566,664)
		<b><u>4,439,716</u></b>		<b><u>5,481,708</u></b>

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí ar leathanaigh 14 go 27 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Tá na ráitis airgeadais seo sínithe thar ceann an Choimisiúin ag:

Andrea Feeney, Uasal  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

.....  
An tUasal Patrick Burke  
Cathaoirleach

Dáta: 30 Meitheamh 2023

Dáta: 30 Meitheamh 2023

Coimisiún na Scrúduithe Stáit


Ráiteas ar Shreabhadh Airgid  
An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €	2021 €
<b>Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (Easnamh)/barrachas don bhliain airgeadais</b>		<b>(1,651,237)</b>	82,836
<i>Coigeartuithe maidir le:</i>			
Dímheas ar mhaoin, ar fhearas agus ar threalamh	10	2,471,602	1,863,073
Aistriú cúlchistí caipitil ar ghluaiseachtaí maoin, fearais agus trealamh	14	609,245	1,335,279
<i>Athruithe:</i>		257,455	83,242
<i>Laghdú ar fhardal:</i>			
(Méadú) / laghdú ar infháltais		(650,831)	1,941,433
Méadú/ (laghdú) ar shuimeanna iníoctha		392,492	(429,179)
<b>Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		<b>1,428,726</b>	4,876,684
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>			
Ceannach maoin, fearais agus trealamh	10	(3,080,847)	(3,198,353)
Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(3,080,847)	(3,198,353)
<b>Glan(mhéadú)/laghdú ar airgead agus ar choibhéisí airgid</b>		<b>(1,652,121)</b>	1,678,331
<b>Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana airgeadais</b>		<b>1,705,033</b>	26,702
<b>Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais</b>		<b>52,912</b>	1,705,033

Tá na ráitis airgeadais seo sínithe thar ceann an Choimisiúin ag



Andrea Feeney, Uasal  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Dáta: 30 Meitheamh 2023



An tUasal Patrick Burke  
Cathaoirleach  
Dáta: 30 Meitheamh 2023

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

### Nótaí leis na ráitis airgeadais An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

#### 1. Beartais chuntasaíochta

##### Ráiteas comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo i gcomhréir leis na caighdeáin tuairiscithe airgeadais atá ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

##### Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dlíteanais áirithe a ndéantar iad a thomhas ar luach cóir faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais in Euro, arb é airgeadra feidhmeach an Choimisiúin é.

##### Meastacháin agus Breithiúnais Chuntasaíochta

Nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú, rinneadh breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a bhfuil tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear mar shócmhainní, dlíteanais, ioncam agus caiteachas. Déantar na meastacháin agus na foshuíomhanna a úsáideadh a athbheithniú ar bhonn leanúnach.

Is iad seo a leanas na príomh-mheastacháin, na príomhbheithiúnais agus na príomh-fhoshuíomhanna a úsáideadh sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022:

(i) Maoin, Fearas agus Trealamh

Déantar dímheas a ríomh bunaithe ar mheastacháin agus ar foshuíomhanna maidir le saolré eacnamaíoch fhóna agus luach iarmharach tuartha na sócmhainne.

(ii) In-aisghabhálacht Drochfhiach

Déantar an soláthar do dhrochfhiach a ríomh bunaithe ar ionchas na bainistíochta i ndáil le hin-aisghabhálacht an fhéich. Is ionann an soláthar do dhrochfhiach agus meastachán ar an méid nach bhfuil in-aisghabhála ó iarrthóirí. Tá an meastachán bunaithe ar threochtaí le blianta beaga anuas.

(iii) Sochair Fostaí

Tá an fabhrú do shaoire a saothraíodh ach nár tógadh bunaithe ar mheastacháin ar an tsaoire iomlán lúide an tsaoire a tógadh.

(iv) Creidiúnaí Foirne Scrúdaithe

Tá ríomh an Chreidiúnaí Foirne Scrúdaithe bunaithe ar mheánluach seachas ar fhíoréilimh.

##### Ioncam ó Dheontais Oireachtais

Cuimsíonn deontais Oireachtais suimeanna a d'íoc an Roinn Oideachais thar ceann an Choimisiúin agus fáltais ón Roinn le linn na bliana chun íoc as costais eile agus déantar iad a aithint mar ioncam deontais reatha ach amháin i gcás an deontais a fuarthas go sonrath i gcomhair réamhíocaíochtaí do scoileanna agus tugtar cuntas air sin mar airgead a caitheadh (Nóta 2).

Déantar ioncam ó dheontais a fuarthas i leith caiteachas caipitil ar mhaoin, ar fhearas agus ar threalamh a iarchur chuig an gcuntas caipitil agus scaoiltear é chuig an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus chuig Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré eacnamaíoch fhóna ionchasach na sócmhainní gaolmhara, ar aon dul le dímheas a ghearrtar ar na sócmhainní.

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

#### Táillí scrúdaithe:

Déanann an Coimisiún táillí scrúduithe a ghearradh agus a bhailiú agus aithníonn sé an t-ioncam ar bhonn fabhrúithe. Tá táillí scrúduithe dlíte ó gach iarrthóir a thagann i láthair do scrúduithe na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh. Tá iarrthóirí a bhfuil cárta leighis bailí acu nó atá mar chleithiúnaithe ag tuismitheoir nó ag caomhnóir a bhfuil cárta leighis bailí aige nó aici díolmhaithe ó tháillí scrúduithe a íoc.

Taispeántar ioncam ó tháillí scrúduithe mar ioncam iar-dhíolúintí i leith sealbhóirí cártaí leighis sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Déantar an miondealú ar ioncam comhlán ó tháillí scrúduithe lúide costais na ndíolúintí i leith sealbhóirí cártaí leighis a nochtadh i Nóta 3 leis na ráitis airgeadais.

De bharr phaindéim COVID, ghlac an Rialtas cinneadh gan táillí a ghearradh do scrúduithe 2022.

#### Ioncam Iarchurtha

Tugtar cuntas ar gach ioncam, seachas Deontas an Oireachtais, sa tréimhse inar saothraíodh é. Faigheann CSS maoiniú ón Roinn chun réamhíocaíochtaí a dhéanamh le roinnt scoileanna maidir le costais a tabhaíodh i dtaca le scrúduithe. Déantar an t-ioncam sin a scaoileadh chuig an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus chuig na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a sholáthraítear an tseirbhís.

#### Sochair Fostaí

##### (i) Sochair Ghearrthéarmacha

Déantar sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire agus sochair eile neamhairgeadaíochta den chineál céanna, a aithint mar chostas sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís.

##### (ii) Saoire Chúiteach

Déantar saoire chúiteach arb ionann í agus saoire mar chúiteamh a aithint mar chaiteachas a bhaineann le costas foirne.

#### Maoin, fearas agus trealamh

Déantar maoin, fearas agus trealamh a chlárú i dtús báire ar a gcostas, agus déantar iad a shonrú ina dhiaidh sin ar a gcostas lúide aon dímhéas carntha agus aon chaillteanas ó laige.

#### Dímhéas

Déantar maoin, fearas agus trealamh a shonrú ar a gcostas stairiúil nó ar a luacháil, lúide dímhéas carntha. Cuirtear dímhéas de mhúirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ar bhonn an mhéid chothroim, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, agus é á ríomh chun na sócmhainní a dhíscríobh agus iad coigeartaithe i gcomhair luach iarmharach thar a saolréanna fóna ionchasacha. Cuirtear dímhéas bliana iomláine de mhúirear ar mhaoin, ar fhearas agus ar threalamh breise i mbliain na fála. Ní chuirtear aon dímhéas de mhúirear i mbliain na diúscartha:

Maoin	-	6.67%	méid cothrom
Daingneáin agus feistis	-	10%	méid cothrom
Trealamh ríomhaireachta	-	33.33%	méid cothrom
Trealamh	-	20%	méid cothrom
Córais bogearraí	-	20%	méid cothrom

Má tá comhartha ann gur tháinig athrú suntasach ar ráta dímhéasa, ar shaolré fóna nó ar luach iarmharach maoin, fearais agus trealamh, déantar an dímhéas a leasú go hionchasach chun na meastacháin nua a léiriú.

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

#### Fardal

Déantar fardal, lena n-áirítear stáiseanóireacht scrúduithe, a luacháil ar an luach is ísle idir costas agus glanluach inrédaithe. Déantar glanluach inrédaithe a ríomh mar fháltais diúscartha measta lúide na costais diúscartha a tabhaíodh. Déantar soláthar iomlán do laige i dtaca le stáiseanóireacht atá seanchaite.

#### Sochair Scoir

Is státseirbhísigh iad fostaithe an Choimisiúin agus is baill iad de scéim le sochar sainithe atá neamh-mhaoinithe agus á riar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Is baill de scéim pinsin le sochar sainithe iad fostaithe a thosaigh ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Cuireann an Coimisiún asbhaintí ó fhostaithe faoin Scéim Aonair ar ais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Níl aon mhúirear sna ráitis airgeadais seo i dtaca le dliteanais ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dtaca le sochair scoir an Choimisiúin.

#### An Cuntas Caipítíl

Léiríonn an cuntas caipítíl an chuid den ioncam gan amúchadh a fheidhmítear i gcomhair cuspóirí caipítíl. Déantar sócmhainní maoine, fearais agus trealamh a mhaoiniú ó ioncam reatha. Aistrítear an maoiniú sin chuig an gcuntas caipítíl, agus déantar é a amúchadh ar aon dul le dímhneas ar mhaoin, ar fhearas agus ar threalamh. Déantar an glanmhaoiniú a aistríodh chuig an gcuntas caipítíl agus an t-amúchadh gaolmhar a chlárú sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) An bhliain**  
**Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022**

**2 Deontais Oireachtais**

**2022**      2021  
 €                      €

Ranníocaíochtaí na Roinne Oideachais (Fotheideal A11.4)

**92,276,049**      71,798,127

**Cuntasaíocht do Dheontas Oireachtais**

Údarás Maoinithe	An Roinn Oideachais – Oideachas Dara Leibhéal		
Teideal an Deontais	Pá Scrúduithe	Neamhphá Scrúduithe	
<b>Cuspóirí an Deontais</b>	<b>Riarachán CSS agus Pá Cláir</b>	<b>Riarachán CSS agus Clár Scrúduithe Neamhphá</b>	<b>Méid Foriomlán</b>

**Ioncam**

Méid a tógadh chuig ioncam	€69,806,5121	€22,469,537	€92,276,049
Ioncam iarchurtha tógtha	€648,394	€0	€648,394
Méid an deontais	€70,454,906	€22,469,53	€92,924,443

**Airgead**

Airgead faighte sa tréimhse	€56,001,219	€22,045,781	€78,047,000
Caiteachas a d'íoc an Roinn go díreach (féach thíos)	€14,453,687	€423,751	€14,877,443
Airgead a aisíocadh sa tréimhse	€0	€0	€0
Méid an deontais	€70,454,906	€22,469,5371	€92,924,443

**Caiteachas a d'íoc an Roinn go díreach**

Chuimsigh an caiteachas a d'íoc an Roinn Oideachais go díreach thar ceann Choimisiún na Scrúduithe Stáit costais phárolla na foirne riaracháin de €14,453,687 (pá) agus costais taistil agus cothabhála d'€423,756 (neamhphá) i leith foireann riaracháin.

**3. Táillí Scrúduithe agus táillí eile**

	<b>2022</b>	2021
	€	€
Táillí scrúduithe		
Táillí scrúduithe	<b>82,120</b>	
Trádáil agus táillí eile	<b>63,980</b>	24,992
Lúide: Díolúintí cártaí leighis		
Táillí scrúduithe iar-dhíolúintí cártaí leighis	<b>146,100</b>	24,992
Achomhairc		
Ráiteas ar thorthaí	<b>103,104</b>	119,554
	<b><u>249,204</u></b>	<u>144,546</u>



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)  
An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

4. Costais foirne

	2022 €	2021 €
<b>Foireann Choimisiún na Scrúduithe Stáit</b>		
Tuarastail agus Pá	14,641,631	12,766,593
Taisteal agus cothabháil	474,384	301,753
<b>Foireann Sheachtrach Scrúduithe</b>	<b>53,648,237</b>	39,070,108
Luach saothair - foireann Scrúduithe		
Luach saothair - freastalaithe	2,341,552	1,895,175
Taisteal agus cothabháil	8,392,434	5,368,654
Postas agus costais teileafóin	275,968	373,793
	<b>79,774,206</b>	<b>59,776,076</b>

**Costais Taistil agus Cothabhála**

Déantar costais taistil agus chothabhála a mhiondealú mar chostais taistil náisiúnta agus idirnáisiúnta mar seo a leanas:

<u>Foireann Choimisiún na Scrúduithe Stáit</u>		
Taisteal agus cothabháil náisiúnta	473,417	299,862
Taisteal agus cothabháil idirnáisiúnta	967	1,891
	<b>474,384</b>	<b>301,753</b>
<u>Foireann Sheachtrach Scrúduithe</u>		
Taisteal agus Cothabháil Náisiúnta	8,392,434	5,368,654
Taisteal agus cothabháil idirnáisiúnta	-	-
	<b>8,392,434</b>	<b>5,368,654</b>
<u>Iomlán - An Fhoireann Uile</u>		
Taisteal agus cothabháil náisiúnta	8,865,851	5,668,516
Taisteal agus cothabháil idirnáisiúnta	967	1,891
	<b>8,866,818</b>	<b>5,670,407</b>

**Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Is post mar Rúnaí Cúnta sa Státseirbhís é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CSS (Scála Tuarastail:136X). B'ionann agus €148,613 tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ar an 31 Nollaig 2022 (€140,474 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021). Bhí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ag pointe 3 den scála. Ní raibh costais ar bith ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin sa bhliain.

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

#### 2. Costais foirne (ar lean)

An líon d'fhoireann Choimisiún na Scrúduithe Stáit a bhfuil a sochair fostaí ina n-iomláine ag titim laistigh de na bandaí tuarastail seo a leanas:

	2022 Líon	2021 Líon
Banda Tuarastail		
€60,001 - €70,000	8	6
€70,001 - €80,000	12	7
€80,001 - €90,000	3	8
€90,001 - €100,000	10	17
€100,001 - €110,000	15	3
€110,001 - €120,000	2	2
€120,001 - €130,000	1	-
€130,001 - €140,000	-	-
€140001 -	1	1

#### Líon na bhfostaithe

Ba é seo a leanas an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an gCoimisiún le linn na bliana airgeadais:

	2022 Líon	2021 Líon
Foireann Choimisiún na Scrúduithe Stáit	180	177
	<u>180</u>	<u>177</u>

#### 3. Costais foirne - íocaíochtaí foirceanta / scaoilíocaíochtaí

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta / scaoilíocaíochtaí ná aon chomhaontuithe ina leith sin a bhí os cionn €10,000 sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

#### 6. Costais riaracháin

	2022	2021
	€	€
Oiliúint	51,656	30,723
Costais earcaíochta	31,623	19,157
Táille bhliantúil do sheirbhíse comhroinnte People Point	32,289	39,049
Stóráil	321,165	368,120
Cóiríocht agus hallaí ar cíós	172,118	110,813
Iompar ábhar scrúduithe	2,012,818	1,711,543
Solas agus teas	117,834	110,929
Deisiúcháin agus cothabháil	244,945	224,591
Priontáil	5,143,448	3,160,782
Stáiseanáireacht	44,971	91,368
Fógraíocht	10,110	10,227
Postas	868,492	698,374
Teileafón	150,159	124,245
TF, bogearraí agus cothabháil	1,771,569	1,620,237
Comhairle agus táillí dlí	35,727	234,824
Sainchomhairleoireacht	88,975	65,345
Cuntasaíocht	80,534	121,457
Táillí Iniúcháireachta	54,800	51,500
Táillí bainc	27,206	45,584
Leas foirne	60,359	42,722
Costais ghinearálta	639	3,819
	<b>11,321,437</b>	<b>8,885,409</b>

#### Caiteachas ar Fháiilteachas

San áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais tá an caiteachas seo a leanas ar fháiilteachas:

	2022	2021
	€	€
Fáiilteachas foirne	5,397	2,837
Fáiilteachas Cliant	-	-
	<b>5,397</b>	<b>2,837</b>

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)  
An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022**

**7. Costais riaracháin - táillí sainchomhairleoirí/ comhairleoirí seachtracha**

San áireamh sna costais riaracháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, de réir Nóta 6, tá an caiteachas seo a leanas ar tháillí sainchomhairleoirí/comhairleoirí seachtracha:

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	€	€
Comhairle dlí	<b>2,214</b>	11,373
Comhairle cuntasáochta agus airgeadais	<b>119,432</b>	149,870
Sainchomhairleoireacht um TF	<b>6,720</b>	28,962
Eile	<b>43,356</b>	7,970
Costais iomlána sainchomhairleoireachta	<b>171,722</b>	198,175

**8. Costais riaracháin - costais dlí agus socruithe**

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe, imeachtaí réitigh agus eadrána le tríú páirtithe. Níl caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ginearálta a fuair Coimisiún na Scrúduithe Stáit a ndéantar í a nochtadh i Nóta 7 thuas san áireamh anseo.

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	€	€
Imeachtaí dlí	<b>33,513</b>	223,451
	<b>33,513</b>	223,451

**9. Glanbharrachas oibriúcháin**

Luaitear an barrachas tar éis muirir:

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	€	€
Dímheas ar mhaoin, ar fhearas agus ar threalamh	<b>2,471,602</b>	1,863,073
Costas fardail a aithnítear mar chostas	<b>257,455</b>	83,242
Táillí iníoctha d'iniúchadh na ráiteas airgeadais	<b>54,800</b>	51,500

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

10.	Maoin	Daingeáin agus feistis	Trealamh ríomhaireachta	Trealamh	Córais bogearraí	Iomlán
	€	€	€	€	€	€
<b>Costas</b>						
Amhail an 1 Eanáir 2022	605,000	1,674,131	2,814,175	276,457	7,706,628	13,076,391
Breiseanna	-	122,462	279,125	14,047	2,665,213	3,080,847
<b>Amhail ar an 31 Nollaig 2022</b>	<u>605,000</u>	<u>1,796,593</u>	<u>3,093,300</u>	<u>290,504</u>	<u>10,371,841</u>	<u>16,157,238</u>
<b>Dímheas</b>						
Ar an 1 Eanáir 2022	161,415	980,068	2,644,379	218,431	3,023,726	7,028,019
Muirear don bhliain airgeadais	<u>40,354</u>	<u>116,194</u>	<u>202,684</u>	<u>38,002</u>	<u>2,074,368</u>	<u>2,471,602</u>
<b>Ar an 31 Nollaig 2022</b>	<u>201,769</u>	<u>1,096,262</u>	<u>2,847,063</u>	<u>256,433</u>	<u>5,098,094</u>	<u>9,499,621</u>
<b>Suim ghlanluacha</b>						
<b>Ar an 31 Nollaig 2022</b>	<u>403,231</u>	<u>700,331</u>	<u>246,237</u>	<u>34,071</u>	<u>5,273,747</u>	<u>6,657,617</u>
Ar an 31 Nollaig 2021	<u>443,585</u>	<u>694,063</u>	<u>169,796</u>	<u>58,026</u>	<u>4,682,902</u>	<u>6,048,372</u>

## 11. Fardal

	2022	2021
	€	€
Fardal stáiseanóireachta	<u>1,020,489</u>	<u>1,277,944</u>

Déantar stocáireamh iomlán gach bliain lena n-áirítear athbhreithniú ar stoc ar bith atá as feidhm. Rinneadh stoc as feidhm ar luach €407,893 san iomlán a dhíscríobh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

## 12. Infháltais

	2022	2021
	€	€
Foireann scrúdaithe: Réamhíocaíochtaí gan íoc	<b>49,625</b>	25,085
Scoileanna: Réamhíocaíochtaí	<b>830,781</b>	182,387
Infháltais Eile	<b>324,385</b>	363,569
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	<b>180,483</b>	163,402
	<u><b>1,385,274</b></u>	<u>734,443</u>

Faigheann CSS maoiniú ón Roinn chun réamhíocaíochtaí a dhéanamh le roinnt scoileanna maidir le costais a tabhaíodh i dtaca leis na scrúduithe. Tá an réamhíocaíocht bunaithe ar chéatadán de chaiteachas na scoile incháilithe an bhliain roimhe sin. Bainfear na réamhíocaíochtaí as éilimh a bhaineann le réachtáil na scrúduithe stáit amach anseo. Tugann an Coimisiún cuntas ar na réamhíocaíochtaí sin mar infháltais.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Nótaí leis na ráitis airgeadais (ar lean)  
An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

13. Suimeanna iníoctha: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2022	2021
	€	€
Foireann scrúduithe	1,196,190	1,656,684
Dlíte do sholáthraithe	111,424	20,428
Suimeanna iníoctha eile	13,473	42,636
Cáin agus árachas sóisialta: ÍMAT / ÁSPC / MSU iníoctha	465,894	165,149
CBL iníoctha	43,658	42,056
PSWT iníoctha	1,650	2,450
Fabhruithe		
Saoire	395,036	523,068
Saoire Chúiteach	967,931	765,237
Eile	530,539	200,295
Ioncam Iarchurtha	830,781	182,387
Éilimh scoileanna gan íoc	120,000	683,694
	<b>4,676,576</b>	<b>4,284,084</b>

**Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna fabhruithe:**

(i) Pá Saoire

Aithnítear pá saoire carnach nár thóg foireann an Choimisiúin ag deireadh na bliana mar dhliteanas gan íoc. Mar thoradh air sin tugtar cuntas na ráitis airgeadais ar sholáthar do phá saoire de €395,036 amhail ar an 31 Nollaig 2022 (€523,068 amhail ar an 31 Nollaig 2021).

(ii) Saoire Chúiteach

Aithnítear saoire chúiteach charnach nár thóg foireann an Choimisiúin ag deireadh na bliana mar dhliteanas gan íoc. Mar thoradh air sin tugtar cuntas na ráitis airgeadais ar mhéadú ar an soláthar do shaoire chúiteach de €202,694 sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 (méadú de €100,559 sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021). D'úsáid CSS rátaí pá iarbhír in aghaidh na huairde do gach ball foirne ar leith bunaithe ar thuairiscí ó PSSC a bhfuil fáil orthu le déanaí chun an meastachán cuntasáiochta don tsaoire chúiteach a ríomh.

Déanfar an tsaoire chúiteach charnach arb ionann í agus €967,931 san iomlán amhail ar an 31 Nollaig 2022 (€765,237 de réir na ráiteas airgeadais amhail ar an 31 Nollaig 2021) a laghdú sna blianta seo amach romhainn i ndiaidh comhaontú a dhéanamh le leasanna foirne maidir le laghdú tomhaiste.

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

14. Cúlchiste Caipitil	2022 €	2021 €
Ar an 1 Eanáir	6,048,372	4,713,093
<b>Aistriú ó / (chuig) Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:</b>		
Ioncam atá leithdháilte i gcomhair críocha caipitil	3,080,847	3,198,352
Amúchadh i gcomhréir le dímheas	(2,471,602)	(1,863,073)
<b>Ar an 31 Nollaig</b>	<b>6,657,617</b>	<b>6,048,372</b>
<b>Iomlán ón Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe</b>	<b>609,246</b>	<b>1,336,270</b>
15. Cáin Chorparáideach		
Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit díolmhaithe ó Cháin Chorparáideach.		
16. Gealltanais airgeadais eile		
(i) Léasanna Airgeadais Ní raibh aon leas á bhaint as léasú airgeadais ar an 31 Nollaig 2022.		
(ii) Oibleagáidí cíosa Tá an foirgneamh i gCor na Madadh, atá i seilbh Choimisiún na Scrúduithe Stáit á chur ar fáil saor in aisce ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Dá bhrí sin, níl aon cheangaltais i leith táillí cíosa ar an 31 Nollaig 2022.		
(iii) Iomlán na gceangaltas airgeadais Amhail ar an 31 Nollaig 2022, bhí ceangaltais airgeadais de €2,407,755 san iomlán glactha chuige féin ag CSS..		
17. Leasanna Chomhaltaí an Choimisiúin		
Ghlac comhaltaí an Choimisiúin le nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte a eisíodh faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Choimisiúin agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin ar feadh na bliana. Ní raibh aon idirbhearta le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh leas tairbhiúil ag comhaltaí an Choimisiúin.		

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

#### 18. Táillí agus Speansais na gCoimisinéirí

Tá sceideal freastail ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste Iniúcháireachta do 2022 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

	Bord	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Táillí € 2022	Speansais € 2022
Líon na gcruinnithe	16	8		
An tUasal Patrick Burke	16	-	11,970	Náid
Mary Ryan, Uasal	16	8	7,695	913
An Dr Richard Thorn	16		7,695	543
An tOllamh Teresa O'Doherty	15	-	Náid	Náid
An tUasal Martin Sisk	16	-	7,695	Náid
An tUasal Matt Ryan	-	8	1,283	Náid
An tUasal Ciaran Flynn	-	7	1,283	Náid

Ní bhfuair Coimisinéir amháin (Teresa O'Doherty) táille Boird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

San áireamh sna speansais a fuair Coimisinéirí tá taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus costais chothabhála mar seo a leanas:

	2022 €	2021 €
Taisteal agus cothabháil náisiúnta		1,456
Taisteal agus cothabháil idirnáisiúnta		1,456
		-
		-
		-

#### 19. Imeachtaí i ndiaidh dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Tá tionchair phaindéim COVID-19 ag cur as go fóill don gheilleagar agus d'oibríochtaí oideachais.

Beidh impleachtaí airgeadais ag baint le tionchair na paidéime i gcás CSS go fóill féin in 2022. Tá CSS ag leanúint air ag déanamh faireacháin ar an gcás agus ag pleanáil dá réir sin.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)  
An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

20. Príomhphearsanra bainistíochta

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, comhaltaí an Bhoird agus an ardbhainistíocht a thuiriscíonn don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Taispeántar thíos an luach saothair a íocadh nó atá iníoctha leis an bpríomhbhainistíocht i leith seirbhísí fostaí:

	2022 €	2021 €
Tuarastail	884,510	741,337
Liúntais	<u>15,338</u>	<u>26,787</u>
	<u>899,848</u>	<u>768,124</u>
Iomlán an chúitimh do phríomhphearsanra bainistíochta (Sochair iomlána na bhfostaithe)	<u>899,848</u>	<u>768,124</u>
	Líon	Líon
Líon na bhfostaithe atá mar phríomhphearsanra bainistíochta	<u>8</u>	<u>7</u>

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

### Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) An bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022

#### 21. Gnóthas Leantach

Is iad an dá fhoinsé ioncaim atá ag CSS ná (i) deontais Oireachtais agus (ii) táillí Scrúduithe agus táillí eile.

Thug CSS faoi athbhreithniú in 2017 ar na tosca a bhí mar bhun leis an easnamh sa tréimhse 2014 - 2016. Fuarthas amach san athbhreithniú gurbh é an fáth ba mhó a bhí leis an easnamh carnach ná an toradh carnach a bhain le gan dóthain soláthair a dhéanamh laistigh de bhuiséad CSS do (i) an méadú ar líon na n-iarrthóirí le linn na tréimhse agus (ii) an méadú ar líon agus ar scála na socrúithe a bhí á lorg ag iarrthóirí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu ó 2013 i leith.

Ba iad seo a leanas na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú a luadh thuas:

- (i) Próiseas meastacháin bhuiséad CSS a fheabhsú chun maoiniú iomchuí a fháil;
- (ii) An t-easnamh a laghdú thar thréimhse ama; agus
- (iii) Leanúint ar aghaidh ag feabhsú na socrúithe um thuairisciú airgeadais atá ag CSS, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta ráithiúla a ullmhú.

Ghlac an Coimisiún le cinntí agus moltaí an athbhreithnithe thuas agus tá sé meáite ar iad a chur i bhfeidhm ina n-iomláine lena áirithiú go ndéanfar na socrúithe maidir le bainistiú airgeadais laistigh de CSS a neartú.

Ó 2017 go 2019 laghdaíodh an t-easnamh ó €2,194,292 go dtí €609,225. Ach, tháinig méadú de bheagán ar an easnamh go dtí €649,500 in 2020. Tharla an méadú sin den chuid ba mhó mar thoradh ar Covid-19 agus gan táillí scrúdaithe a bheith á ngearradh. In 2021, leanadh den treocht maidir le heasnamh a laghdú agus rinneadh laghdú ar an easnamh go dtí €566,664. Ach, tháinig méadú ar an easnamh go dtí €2,217,901 in 2022. Baineann an t-ardú sin ar an easnamh leis an gcinneadh a rinne an Roinn Oideachais gan táillí scrúdaithe a ghearradh ar iarrthóirí arís in 2022 agus, chomh maith leis sin, le cinntí suntasacha a rinneadh faoi scrúduithe 2022, ar cinntí iad a raibh tionchar acu ar bhuiséad CSS i ndiaidh do phróiseas an mheastacháin a bheith curtha i gcrích. Tá tionchar ag na tosca sin ar an staid easnamh chomh maith le ceisteanna fadhbunaithe a bhaineann le leibhéal maoinithe iomchuí a fháil do ghníomhaíochtaí riachtanach chun dul gcion ar an easnamh. Beidh na ceisteanna sin maidir leis an easnamh mar ábhar plé leis an Roinn Oideachais.

Glacadh le bonn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, mar go bhfuil an Coimisiún sásta go dtabharfaidh na moltaí a glacadh thuas aghaidh ar an easnamh carnach atá fanta thar thréimhse ama.

#### 22. Dlíteanais theagmhasacha

I ngnáthchúrsaí gnó, bíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit páirteach i gcásanna dlí. I ndiaidh measúnú cúramach a dhéanamh, tá CSS muiníneach nach bhfuil cásanna ar bith, lena n-áirítear cásanna oidhreachta, ar dócha go mbeidh tionchar ábhartha acu ar na ráitis airgeadais nuair a bheidh siad socráithe.

#### 23. Na ráitis airgeadais a cheadú

Cheadaigh an Coimisiún na ráitis airgeadais seo ar an 30 Meitheamh 2023